An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

# Ag aistriú ón mBunscoil chuig an Iar-bhunscoil

## Treoir do thuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) 2023



Foilsithe den chéad uair in 2016: An chéad athbhreithniú 2023

Sa doiciméad seo ciallaíonn an focal 'tuismitheoir' tuismitheoir nó caomhnóir leanaí. Úsáidtear teanga inscne-ionchuimsitheach sa doiciméad seo chomh fada agus is féidir.

# Clár Ábhair


Réamhrá 2

Céimeanna pleanála san aistriú chuig an iar-bhunscoil 3

**Céim 1:** Eolas a bhailiú 4

**Céim 2:** Do leanbh a chlárú i scoil 10

**Céim 3:** Pleanáil a dhéanamh leis an scoil 12

**Céim 4:** Ullmhaigh don athrú 22

Eolas breise 29

Sonraí teagmhála úsáideacha 32

# Réamhrá

Caithfidh gach duine óg a bheith in ann déileáil le hathrú sa saol. Ceann de na hathruithe sa saol ná an t-aistriú ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil.

Tugtar eolas sa treoirleabhar seo maidir le cabhrú le tuismitheoirí agus le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu aistriú dearfach a bheith acu.

Tá súil againn go gcabhróidh sé chun an imní a bhíonn ag roinnt daltaí agus tuismitheoirí le linn an aistrithe seo a laghdú. Léirítear samplaí de dhea-chleachtas sa treoirleabhar seo freisin.

# Céimeanna pleanála san aistriú chuig an iar-bhunscoil

Tá roinnt céimeanna i gceist leis an bpleanáil a bhaineann leis an aistriú chuig an iar-bhunscoil. Tugaimid eolas agus comhairle faoi gach céim díobh seo sna míreanna seo a leanas.

**Céim 1:** Eolas a bhailiú

**Céim 2:** Do leanbh a chlárú i scoil

**Céim 3:** Pleanáil a dhéanamh leis an scoil

**Céim 4:** Ullmhaigh don athrú

# Céim 1: Eolas a bhailiú

## Ullmhaigh go luath

Bí cinnte tús luath a chur leis na hullmhúcháin agus bailigh go leor eolais. Tá sé seo ríthábhachtach agus aistriú rathúil chuig an iar-bhunscoil á phleanáil.

## Cineálacha scoileanna

I dtús báire, is tábhachtach roinnt machnaimh a dhéanamh ar na cineálacha iar-bhunscoileanna atá ar fáil. Áirítear leis an téarma 'iar-bhunscoil':

- meánscoileanna
- pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha
- Scoileanna de chuid na mBord Oideachais & Oiliúna

Cláraíonn daltaí iar-bhunscoile i scoileanna speisialta freisin.

Sa chuid is mó de chásanna, roghnaíonn tuismitheoirí iar-bhunscoil phríomhshrutha dá leanbh. Sna scoileanna seo, tugann múinteoirí ábhair agus múinteoirí oideachais speisialta tacaíocht do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tugann na múinteoirí seo cúnamh breise do scoláirí a bhfuil riachtanais foghlama acu.

Baineann scoileanna leas as creat ar a dtugtar an Contanam Tacaíochta chun cabhrú leo riachtanais gach linbh a shainaithint agus an tacaíocht iomchuí a thabhairt dóibh, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san áireamh.

Chomh maith leis na múinteoirí ábhair agus na múinteoirí oideachais speisialta (MOSanna), bíonn Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) ar fáil i scoileanna freisin. Tugann CRSanna tacaíocht do dhaltaí a bhfuil riachtanais chúraim shuntasacha acu nach bhfuil in ann a gcuid riachtanas cúraim féin a bhainistiú go neamhspleách.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbíonn rochtain ar mhúinteoirí oideachais speisialta agus ar thacaíocht ó CRS bunaithe ar riachtanais an linbh seachas a bheith bunaithe ar dhiagnóis. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil diagnóis de dhíth ar leanbh a thuilleadh chun tacaíocht a fháil ó CRS nó ó mhúinteoir oideachais speisialta.

## Iompar scoile

Bíonn iompar scoile ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus

- nach féidir leo an córas iompar atá i bhfeidhm a úsáid
- a fhreastalaíonn ar an scoil nó ar an rang speisialta is cóngaraí dóibh atá in ann freastal ar a riachtanais speisialta oideachais

## Oideachas cuimsitheach

Molann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) gur cheart oideachas a chur ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoil phríomhshrutha le leanaí atá ar comhaois leo. Mar sin féin, ní mholaimid é seo ach amháin nuair a bhíonn sé i gcomhréir le leas an linbh agus leas na ndaltaí eile.

## An scoil is fearr do do leanbh a roghnú

Seans go mbeadh daltaí áirithe a bhfuil riachtanais chasta acu níos fearr as i suíomh scoile speisialaithe. Mar shampla, rang speisialta in iar-bhunscoil phríomhshrutha nó i scoil speisialta ar leith.

Beidh cinneadh ar bith faoin suíomh is fearr do do leanbh ag brath ar rudaí amhail láidreachtaí agus riachtanais do linbh agus a roghanna féin. Ní mór gnéithe eile a chur san áireamh freisin.

## Guth do linbh i gcroílár na cinnteoireachta

Agus cinneadh ar bith á dhéanamh maidir le cúrsaí scoile, is tábhachtaí ar fad tuairimí do linbh ná tuairimí duine ar bith eile. Ba cheart gach rud is féidir a dhéanamh chun mianta, tuiscint agus roghanna do linbh maidir le cinntí scoile a fháil amach

Déan do mhachnamh ar na roghanna go léir agus pléigh leis na gairmithe iomchuí iad. Ansin féadfaidh tú labhairt le do leanbh agus cinneadh a dhéanamh le chéile faoin gcineál iar-bhunscoile ar a bhfreastalóidh siad. Ciallaíonn sé seo cinneadh a dhéanamh idir:

- scoil phríomhshrutha
- rang speisialta i scoil phríomhshrutha
- scoil speisialta

**Tá sé tábhachtach go ndéanann tuismitheoirí breithniú ar na roghanna iar-bhunscoile go léir atá ar fáil dá leanbh.**

## Tacaíocht ó ghairmithe

Beidh príomhoide nó múinteoir bunscoile do linbh in ann comhairle agus cúnamh a thabhairt duit.

Seans go mbeidh comhairle ó ghairmithe eile a bhfuil baint acu le do leanbh cabhrach duit. Mar shampla:

- síceolaithe
- fisiteiripeoirí
- teiripeoirí urlabhra agus teanga
- teiripeoirí saothair

Más leanbh bodhar/lagéisteachta nó dall/lagamhairc do leanbh, seans go gcuirfear i dteagmháil le múinteoir cuartaíochta tú a chabhróidh leat do leanbh a ullmhú chun aistriú go scoil nua

Is féidir leat dul i dteagmháil freisin le d'Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSO) áitiúil chun eolas a fháil faoi na seirbhísí atá ar fáil do do leanbh, lena n-áirítear:

- na socrúcháin atá ar fáil i do cheantar
- tacaíochtaí oideachais

Cuireann ERSOanna seirbhís dhíreach ar fáil do thuismitheoirí daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus do scoileanna ina gceantair.

## Cuairt a thabhairt ar scoileanna

Chun tuiscint a fháil ar an scoil, molaimid do thuismitheoirí freastal ar:

- laethanta oscailte
- oícheanta do thuismitheoirí
- imeachtaí ionduchtaithe

Féadfaidh do leanbh dul chuig na himeachtaí seo chomh maith. Tabharfaidh sé seo am dóibh ullmhú le haistriú go scoil eile.

B’fhearr le roinnt daoine óga cuairt scoile a shocrú ag am ar leith toisc nach dtaitníonn grúpaí móra nó na fuaimeanna agus na bolaithe a bhaineann le laethanta nó oícheanta oscailte leo.

Tá sé tábhachtach tacaíocht a thabhairt do do leanbh ionas go mbeidh an chéad éachtaint ar an scoil dearfach.

Mar thuismitheoirí leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ba cheart a bheith in ann talamh slán a dhéanamh de na rudaí seo a leanas:

1. Go bhfáilteofar roimh do leanbh sa scoil.
2. Go mbeidh eolas cuí ag na múinteoirí ar riachtanais speisialta oideachais.
3. Go mbeidh fonn ar mhúinteoirí tuiscint a fháil ar riachtanais ar leith do linbh.

**Reáchtálann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) cruinnithe eolais do thuismitheoirí an bhliain sula dtosaíonn a leanbh ar scoil.**

**Seo roinnt ceisteanna a bheadh oiriúnach nó cabhrach a chur le linn na cuairte:**

1. An mbeidh áit sa scoil do mo leanbh?
2. Cad é an spriocdháta le haghaidh iarratas?
3. Conas a thacóidh an scoil le mo leanbh?
4. Mar thuismitheoir, conas is féidir liom cabhrú leis an scoil tacaíocht a thabhairt do mo leanbh?
5. Cén chaoi a mbeidh mo leanbh páirteach i ngníomhaíochtaí scoile/ranga leis na daltaí eile?
6. Conas a bhainisteoidh an scoil cógas mo linbh le linn uaireanta scoile?
7. Conas a chuirfear teicneolaíocht oiriúnaitheach ar fáil do mo leanbh, má bhíonn gá lena leithéid?
8. Cad iad na cineálacha teagmhála a bheidh i bhfeidhm idir an scoil agus tuismitheoirí?
9. An bhfuil duine faoi leith sa scoil is féidir liom teagmháil a dhéanamh leo má tá fadhbanna ag mo leanbh?
10. An mbeidh iompar speisialta scoile ar fáil do mo leanbh?

# Céim 2: Do leanbh a chlárú i scoil

## Iarratas a dhéanamh ar áit

Nuair a bheidh cinneadh déanta agat maidir leis an scoil nó na scoileanna is fearr leatsa agus le do leanbh, ní mór duit iarratas a dhéanamh i scríbhinn chun áit scoile a fháil. Foilsíonn gach scoil Fógra Iontrála ar a suíomh gréasáin roimh an scoilbhliain nua, san fhómhar de ghnáth. Tugtar an t-eolas seo a leanas i bhFógra Iontrála:

- an spriocdháta
- na nósanna imeachta
- líon na n-áiteanna atá á dtairiscint don chéad scoilbhliain eile

## Dáta iarratais

Nuair a bheidh scoil roghnaithe agaibh, bí cinnte go seolfar an t-iarratas roimh spriocdháta rollaithe na scoile.

## Tacaíocht a fháil

Anois is arís, bíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí ait a fháil dá leanaí in iar-bhunscoil áitiúil. Tarlaíonn sin nuair a bhíonn líon níos mó daltaí ag iarraidh clárú sa scoil ná mar atá áiteanna ar fáil. D'fhéadfadh sé tarlú freisin nach mbeadh áit ar fáil do do leanbh i rang speisialta nó i scoil speisialta.

Mura bhfuil tú in ann áit scoile a fháil do do leanbh, tá na daoine seo a leanas ann chun cabhrú leat. Is féidir le gach tuismitheoir dul i dteagmháil le Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla. Tá sonraí teagmhála TESS ar fáil ar shuíomh gréasáin Tusla sa mhír Get in Touch.

Ós rud é go bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag do leanbh, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an ERSO áitiúil chun cabhair a fháil. Tá sonraí teagmhála ERSOanna ar fáil ar shuíomh gréasáin CNOS faoi SENO Contact Information. Molaimid duit dul i dteagmháil leis an ERSO chomh luath agus is féidir.

# Céim 3: Pleanáil a dhéanamh leis an scoil

## Pleanáil agus ullmhúchán

Nuair a bheidh áit scoile deimhnithe ag do leanbh, cabhróidh pleanáil agus ullmhúchán cúramach le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu aistriú rathúil ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil a dhéanamh.

Tá ról tábhachtach ag tuismitheoirí, ag bunscoileanna agus ag iar-bhunscoileanna sa phróiseas aistrithe seo. I gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu, ba chóir go dtosódh an phleanáil dhá nó trí bliana roimh an aistriú, go hidéalach, nuair a bhíonn siad i rang 4 nó i rang 5 sa bhunscoil.

## Plean aistrithe

Bíonn plean aistrithe de dhíth ar go leor daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chun cabhrú leo an t-aistriú chuig an iar-bhunscoil a dhéanamh. Beidh tú féin agus do leanbh, chomh maith le múinteoirí iomchuí ón mbunscoil agus ón iar-bhunscoil páirteach sa phleanáil.

I gcásanna áirithe, bheadh sé ina chabhair dá mbeadh gairmithe eile a bhfuil aithne acu ar do leanbh páirteach sa phleanáil freisin, mar shampla

- síceolaithe
- gairmithe sláinte a bhfuil baint acu le do leanbh
- an tEagraí Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSO) áitiúil

Má tá socrúchán níos speisialaithe de dhíth ar do leanbh, amhail rang speisialta nó scoil speisialta, d'fhéadfadh go mbeadh tuairisc shíceolaíochta cothrom le dáta ag teastáil ón scoil.

Nuair a bheidh do leanbh cláraithe, seolfaidh an scoil an tuairisc seo chuig an ERSO ionas gur féidir le CNOS acmhainní a chur ar fáil don scoil.

## Nasc idir scoileanna

Beidh naisc idir formhór na n-iar-bhunscoileanna agus 'a mbunscoileanna friothálacha'. Freastalaíonn na daoine óga ó bhunscoileanna friothálacha ar iar-bhunscoileanna ar leith de ghnáth. Déanann sé seo an próiseas aistrithe níos éasca ach ní mór do na scoileanna cead a fháil uaitse ar dtús maidir le heolas a lorg/a chur ar aghaidh.

De ghnáth, bíonn teagmháil idir múinteoir rang 6 nó an múinteoir oideachais speisialta, nó an bheirt acu, agus an iar-bhunscoil. Cuidíonn sé seo chun nasc a chruthú idir an méid a múineadh sa bhunscoil agus an pointe tosaigh in ábhair áirithe san iar-bhunscoil.

**Tá sé tábhachtach aistriú do linbh a phleanáil trí oibriú i gcomhar leis na scoileanna.**

## Cruinnithe pleanála

Is minic a eagraíonn an scoil cruinniú pleanála sula dtosaíonn leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu sa scoil. Is dea-chleachtas é cruinniú mar seo a reáchtáil. Seo iad na daoine a bhíonn i láthair, de ghnáth:

- do leanbh, (nuair is féidir)
- tusa, an tuismitheoir
- príomhoide na scoile
- an múinteoir ranga
- an ceann bliana
- gairmithe eile a bhí bainteach le do leanbh sular thosaigh sé/sí ar scoil.

Agus do leanbh ag aistriú, féadfaidh síceolaithe de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais comhairle a chur ar an scoil. Féadfaidh siad cláir aistrithe, straitéisí agus idirghabhálacha féideartha eile a phlé leis an iar-bhunscoil chun tacú le do leanbh le linn an aistrithe.

Ag an gcruinniú pleanála seo, is féidir an scoil a chur ar an eolas faoi d'ionchais (agus ionchais do linbh) maidir le hoideachas iar-bhunscoile do linbh. Is féidir labhairt freisin faoi imní ar bith atá ar do leanbh faoin aistriú.

Féadfaidh cumarsáid oscailte leis an scoil cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní go tapa, sula mbíonn tionchar acu ar eispéireas do linbh ar scoil.

## Eolas a roinnt

Tá sé tábhachtach an oiread eolais agus is féidir a chomhroinnt faoi riachtanais do linbh a luaithe agus a dheimhnítear áit scoile do linbh. Cabhraíonn sé seo leis an scoil tacaíochtaí a phleanáil. Féadfaidh tú tuairiscí gairmiúla iomchuí a chomhroinnt leis an scoil, mar shampla tuairiscí arna scríobh ag:

- síceolaithe
- teiripeoirí urlabhra agus teanga
- teiripeoirí saothair

Trí eolas a roinnt, is féidir a bheith cinnte go bhfuil an scoil ar an eolas faoi láidreachtaí, cumais agus riachtanais do linbh.

**Ba cheart do thuismitheoirí agus scoileanna eolas ábhartha a chomhroinnt chun cabhrú le pleanáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.**

## B’fhéidir go mbeadh sé cabhrach d’fhoireann na scoile dul i gcomhairle le gairmithe eile.

B’fhéidir go mbeadh sé cabhrach d’fhoireann na scoile dul i gcomhairle le gairmithe eile a bhfuil aithne acu ar do leanbh. Mar shampla:

- múinteoirí cuartaíochta do dhaoine óga atá dall nó lagamhairc
- múinteoirí cuartaíochta do dhaoine óga atá bodhar nó lagéisteachta
- síceolaithe
- teiripeoirí urlabhra agus teanga
- teiripeoirí saothair
- fisiteiripeoirí

I gcás go bhfuil riocht sláinte tromchúiseach ag do leanbh, gach seans gur mhaith leis an scoil dul i gcomhairle le do dhochtúir.

**Ba chóir go dtosódh an phleanáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu a bheidh ag aistriú ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil dhá bhliain ar a laghad sula dtosóidh siad ar an iar-bhunscoil.**

Lorgóidh an scoil cead uaitse chun teagmháil a dhéanamh leis na gairmithe seo. Más gá, tabharfaidh cuid de na gairmithe seo cuairt ar an scoil chun comhairle a thabhairt maidir le hinoiriúnaitheacht na timpeallachta.

Bheadh sé cabhrach duit a fháil amach cé a bheidh mar theagmhálaí agat sa scoil nua. B'fhéidir gur mhaith leat a fháil amach freisin cé hiad na daoine sa scoil a bheidh rochtain acu ar eolas príobháideach nó rúnda faoi do leanbh.

## Plean Tacaíochta Dalta

Cabhróidh an t-eolas seo go léir leis an scoil Plean Tacaíochta Dalta a fhorbairt do do leanbh. Is féidir go leor cineálacha éagsúla pleananna a bheith ina bpleananna tacaíochta, maar shampla:

- plean cúraim
- próifíl foghlama aonair
- plean oideachais don dalta aonair
- plean iompraíochta

Mar is cuí, bíonn eolas ar láidreachtaí, roghanna agus riachtanais do linbh i measc an eolais i bPlean Tacaíochta Dalta, mar shampla:

- Riachtanais foghlama
- Riachtanais shóisialta agus chumarsáide
- Riachtanais Chúraim
- Riachtanais Chéadfacha
- Riachtanais Fhisiciúil
- Scileanna saoil agus scileanna neamhspleáchais

I bplean tacaíochta do linbh, beidh a leithéid d'eolais agus eolas faoina láidreachtaí, faoi na rudaí is maith nach dtaitníonn leis/léi, faoina riachtanais foghlama, agus faoina riachtanais shóisialta agus chumarsáide.

## Riachtanais chúraim

Seans go mbeidh sonraí ann freisin faoi riachtanais chúraim do libh, ag díriú ar ghníomhaíochtaí laethúla, mar shampla:

- gléasadh
- úsáid an leithris
- soghluaisteacht
- aistrithe fisiciúla
- riachtanais chógais

## Riachtanais chéadfacha agus rialála

Is féidir eolas a bheith sa phlean faoi rudaí amhail íogaireacht an linbh i leith a leithéid agus:

- torann
- uigeachtaí
- soilse

Is féidir eolas a chur sa phlean faoi na rudaí céadfacha a thaitníonn agus nach dtaitníonn le do leanbh. Cabhróidh an t-eolas seo leis an scoil nua tacú le rialáil agus folláine iomlán do linbh.

## Riachtanais fhisiciúla

Is féidir eolas a bheith sa phlean faoi oiriúnuithe timpeallachta a theastaíonn, amhail:

- foirgneamh na scoile a oiriúnú
- leagan amach na seomraí a athrú
- suíocháin oiriúnaithe
- trealamh speisialaithe eile

Más gá, féadfaidh an scoil dul i gcomhairle le teiripeoirí saothair agus/nó fisiteiripeoirí maidir le hoiriúnaithe a chaithfear a dhéanamh sa timpeallacht.

## Eolas i bplean tacaíochta do linbh

Sa phlean seo, tabharfar breac-chuntas ar ról gach duine agus beidh do theagmhálaí luaite ann freisin ar eagla go mbeidh ceist nó imní ar bith ort. Is maith an rud é cur chuige comhpháirteach a chomhaontú maidir le deacrachtaí ar bith a thiocfaidh chun cinn. Ba chóir don scoil a chur in iúl duit mar a roinnfear eolas ábhartha ó thuairiscí gairmiúla le múinteoirí.

## Úsáidfidh an scoil eolas chun iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí

Úsáidfidh an iar-bhunscoil an t-eolas agus na tuairiscí gairmiúla chun iarratas a dhéanamh chuig CNOS ar thacaíochtaí breise do do leanbh, más gá. Lorgóidh siad cead (toiliú) uaitse ar dtús.

Is éard atá i gceist le tacaíochtaí breise ná a leithéid agus:

- iompar
- teicneolaíocht oiriúnaitheach

Cuireann scoileanna iarratais iomchuí chuig an Roinn Oideachais freisin maidir le foirgnimh scoile a chur in oiriúint, fearas speisialta a fháil agus mar sin de. Nuair is gá, beidh cóip de thuairiscí gairmiúla ag teastáil ón bpríomhoide chun iarratas mar seo a dhéanamh.

## Pas Oideachais

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta tar éis Pas Oideachais a fhorbairt mar áis chun tacú leis an aistriú eolais faoi dhaltaí ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil. Ní roinnfidh an

bhunscoil an t-eolas seo ach amháin tar éis don iar-bhunscoil rollú do linbh a dhearbhú.

Faigh tuilleadh eolais faoin bPas Oideachais ar shuíomh gréasáin CNCM.

## Rochtain ar thacaíochtaí

Ní aistrítear tacaíochtaí breise a fhaigheann do leanbh sa bhunscoil go huathoibríoch chuig an iar-bhunscoil. Is é is cúis leis sin ná go dtagann athrú ar riachtanais duine óig le himeacht ama agus seans go mbeadh níos mó nó níos lú tacaíochta ag teastáil uathu san iar-bhunscoil.

Mar thuismitheoir, is féidir leat cabhrú leis an scoil trí:

- tuairiscí a chur chuig an scoil roimh ré
- do chuid eolais agus taithí féin ar do leanbh a chomhroinnt

Mar thuismitheoir, is féidir leat cabhrú leis an iar-bhunscoil pleanáil a dhéanamh trí thuairiscí gairmiúla do linbh a chur chuig an iar-bhunscoil roimh ré. Ciallaíonn sé seo gur féidir leo na tacaíochtaí a chur i bhfeidhm sula dtosóidh do leanbh ar scoil.

Is mór an chabhair é do thaithí agus eolas féin ar an leanbh a chomhroinnt maidir le láidreachtaí, cumas, riachtanais agus modhanna foghlama do linbh. Cabhróidh sé seo le baill foirne na scoile nua pleanáil a dhéanamh do do leanbh.

# Céim 4: Ullmhaigh don athrú

Bíonn an chuid is mó do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag súil leis an aistriú chuig an iar-bhunscoil agus tuigeann siad gur deis é caidreamh dearfacha nua a dhéanamh ann. Bíonn imní ar chuid acu faoin athrú seo ina saol, áfach. Is freagairt nádúrtha é seo, gan dabht.

Léirítear sa taighde go mbaineann cuid de na hábhair imní a chuireann isteach ar dhaoine óga leis na cúrsaí seo a leanas:

- sláncáil
- aithne a chur ar dhaoine
- aithne a chur ar an timpeallacht nua
- deacrachtaí a bheith mar chuid den slua
- bulaíocht
- curaclam
- easpa tacaíochta

## Ábhar imní daltaí

Seo cuid de na hábhair imní a bhíonn ar dhaltaí:

### Caillteanas

- Sábháilteacht a mbunscoil, a múinteoirí bunscoile agus an cairdeas a bhí acu sa scoil sin a chailleadh
- An seasamh sóisialta a bhí acu sa bhunscoil a chailleadh agus eagla go ndéanfar bulaíocht orthu – seachas a bheith ar na daltaí is sine sa bhunscoil, beidh siad ar na daoine is óige san iar-bhunscoil anois.

### Deacrachtaí a bheith mar chuid den slua

- Cairde nua a dhéanamh
- Buartha faoi bheith ábalta a bheith mar chuid den slua i measc daltaí atá ar comhaois leo agus i measc daltaí atá níos sine ná iad féin

### Cúrsaí oideachais

- Rialacha nua a leanúint
- Aithne a chur ar a gcuid múinteoirí iar-bhunscoile, agus tuiscint a bheith ag múinteoirí ar a gcuid riachtanas
- Bheith in ann coinneáil suas leis an gcuraclam scoile.
- Bheith gan tacaíocht

**Tá ról tábhachtach ag tuismitheoirí, ag daltaí agus ag scoileanna maidir le hullmhú don aistriú chuig an iar-bhunscoil.**

## Ullmhaigh do leanbh don aistriú

De ghnáth, is é/í múinteoir rang 6 sa bhunscoil a ullmhaíonn na daltaí don aistriú chuig an iar-bhunscoil.

Tá ról tábhachtach ag tuismitheoirí chomh maith.

Is tábhachtach, áfach, an chothromaíocht cheart a aimsiú idir do leanbh a ullmhú don iar-bhunscoil gan an iomarca béime ar fad a chur air, agus do leanbh a chur trína chéile.

Ná déan dearmad go bhfuil sé tábhachtach go mbaineann leanaí sult as laethanta saoire an tsamhraidh sula dtosaíonn siad ar an iar-bhunscoil.

Seo roinnt bealaí is féidir leat cabhrú chun do leanbh a ullmhú don aistriú chuig an iar-bhunscoil. Mar thuismitheoir, beidh a fhios agat féin na cinn a oireann le do leanbh.

Ag brath ar riachtanais an linbh, d'fhéadfá leas a bhaint as cuid de na smaointe seo a leanas:

## Labhair, éist, freagair

Labhair le do leanbh agus éist lena dtuairimí agus lena n-imní. Freagair aon cheist atá acu faoin aistriú atá beartaithe.

## Téigh chuig lá oscailte cúpla bliain roimh ré

Téigh chuig laethanta oscailte nó laethanta ionduchtaithe a eagraítear san iar-bhunscoil. Deir roinnt tuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go bhfuil sé cabhrach freastal ar laethanta oscailte dhá nó trí bliana sula n-aistríonn an leanbh chuig an iar-bhunscoil. B'fhéidir gur cheart é a rá leis an iar-bhunscoil má tá sé ar intinn agat é seo a dhéanamh.

## Measúnuithe scoile

Is gnách go mbíonn lá measúnaithe scoile ag iar-bhunscoileanna dá ndaltaí sula dtosaíonn siad sa scoil nua. Seans freisin go mbeidh deis ag na daltaí bualadh le múinteoirí agus cur amach a fháil ar an bhfoirgneamh ar an lá sin. Tá sé tábhachtach go mbíonn daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu curtha san áireamh agus páirteach sna laethanta seo.

Molaimid do thuismitheoirí labhairt leis an scoil roimh ré chun an fháil amach an mbeadh sé seo fiúntach agus riachtanach do do leanbh a bheith ann. D'fhéadfadh go mbeadh tuilleadh tacaíochtaí ag teastáil ó do leanbh chun a bheith páirteach sa phróiseas seo. Más amhlaidh atá, bheadh sé úsáideach é seo a phlé leis an scoil roimh ré.

Bíonn imní ar roinnt scoláirí faoi na measúnuithe seo. Tá sé tábhachtach iad a chur ar a suaimhneas agus a mhíniú dóibh go gcuidíonn na measúnuithe leis an scoil níos mó eolais a fháil faoi na tacaíochtaí a bheidh de dhíth ar leanaí.

## Cuairteanna agus laethanta fáilte roimh thosú ar an iar-bhunscoil

I gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, eagraíonn roinnt iar-bhunscoileanna cuairteanna ar an iar-bhunscoil dóibh le linn an téarma samhraidh deiridh roimh an aistriú.

Reáchtálann scoileanna eile gníomhaíochtaí nó laethanta fáilte do lucht na chéad bhliana atá ag teacht isteach sula dtosaíonn an téarma scoile. Má tá na roghanna seo ar fáil, ba cheart do leanbh a spreagadh chun freastal orthu. Cabhróidh siad le daltaí dul i dtaithí ar a scoil nua agus líon níos lú daltaí san fhoirgneamh.

Is féidir leo cur amach a fháil ar leagan amach na scoile, bualadh le daltaí eile, aithne a chur ar chuid dá múinteoirí nua agus taithí a fháil ar an gcaoi a ritheann an scoil. Áirítear leis na rudaí seo a leithéid agus:

- clog na scoile
- suíomh na dtaisceadán
- torann agus gluaiseacht nuair a thagann deireadh le ranganna
- amanna sosa

## Déan taighde ar na seomraí agus ar an leagan amach

Má cheapann tú go mbeadh sé cabhrach, d'fhéadfá cead a lorg grianghraif nó físeán a ghlacadh den scoil. Is féidir na grianghraif nó na físeáin seo a úsáid chun tacú le do leanbh agus é/í a ullmhú don athrú seo. Cuireann roinnt scoileanna leabhráin aistrithe fístaifeadtaí nó grianghraif ar fáil ar a suíomh gréasáin. Is mór an chabhair iad siúd do dhaltaí a mbíonn tacaíochtaí amhairc ag teastáil uathu chun cabhrú leis an aistriú.

## Pas cumarsáide

Cabhraíonn roinnt tuismitheoirí lena leanaí pas cumarsáide a chur le chéile. Cuireann sé an dalta i láthair agus luaitear ann:

- spéiseanna, mianta agus roghanna an linbh
- mar a fhoghlaimíonn an dalta
- na rudaí a thaitníonn leo
- na rudaí a fhaigheann siad éasca nó a bhíonn deacair dóibh i dtimpeallacht foghlama

Uaireanta, bíonn próifíl chéadfacha an linbh leagtha amach ann freisin, más gá. Bíonn a leithéid de chóras cumarsáide an-úsáideach do dhaltaí a mbíonn deacrachtaí cumarsáide acu, nó do dhaltaí neamhbhriathartha.

## Bíodh do leanbh páirteach san ullmhúchán

Bíodh do leanbh páirteach i gceannach rudaí amhail leabhair scoile, éide scoile, agus éadaí corpoideachais.

Labhair le do leanbh faoi:

- fad an lae scoile
- mar a oibríonn clár ama
- an bealach a bheidh siad ag taisteal ar scoil

Labhair go rialta le do leanbh le linn laethanta saoire an tsamhraidh faoi na rudaí seo a leanas:

- rialacha na scoile nua
- socruithe corpoideachais
- an ceaintín
- sos/am lóin

Féach arís ar an bhfíseán agus ar na grianghraif atá bailithe agat agus spreag do leanbh an t-eolas seo a chomhroinnt le baill teaghlaigh.

## Bí ullamh don bhealach a chuirfidh an t-aistriú isteach ortsa

Is tábhachtach go mbeidh tuismitheoir ullamh don athrú freisin. Má fheiceann do leanbh go bhfuil tusa muiníneach faoin aistriú, cabhróidh sé chun é/í a chur ar a s(h)uaimhneas, socrú síos agus a bheith compordach sa suíomh nua. Ní tharlóidh sé seo thar oíche, áfach, agus beidh do thacaíocht agus foighne ag teastáil ó do leanbh.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar na físeáin seo ar chainéal CNOS ar YouTube

- Aistriú go dtí an Iar Bhunscoil Eolas do Thuismitheoirí
- Ag Tacú le do Pháiste Aistriú go dtí an Iar Bhunscoil

# Tuilleadh eolais

Tá go leor acmhainní ar fáil chun tacú le daltaí atá ag aistriú ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil.

## An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

Tá trí dhoiciméad an-úsáideach curtha ar fáil ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais maidir leis an bpróiseas aistrithe seo:

- Próifíl Aistrithe. Is féidir le tuismitheoirí agus múinteoirí é seo a úsáid chun eolas a chomhroinnt idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.
- Pacáiste Eolais agus Tacaíochta. Is féidir le tuismitheoirí agus múinteoirí é seo a úsáid chun eolas a aistriú chuig iar-bhunscoil.
- Cláir aistrithe samplach agus leabhair oibre. Is féidir le múinteoirí iad seo a úsáid chun scoláirí a ullmhú don aistriú.

## Cá bhfuil siad le fáil?

Tá na trí dhoiciméad ar fad ar fáil ar gov.ie faoin tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

### An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí

Tá acmhainní breise ag Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-bhunscoil) ar a suíomh gréasáin faoin mír From Primary to Post Primary.

### An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Tá sraith físeán dhá pháirt forbartha ag CNOS maidir leis an Iar-bhunscoil a thosú Tá eolas sna físeáin faoi na rudaí seo a leanas:

- roghanna oideachais
- clárú a dhéanamh i scoil
- pleanáil
- straitéisí chun cabhrú le do leanbh a bheith ullamh don aistriú

### Físeáin tacaíochta

Is féidir físeáin úsáideacha a fháil ar chainéal YouTube CNOS:

- Aistriú go dtí an Iar Bhunscoil Eolas do Thuismitheoirí
- Ag Tacú le do Pháiste Aistriú go dtí an Iar Bhunscoil
- Cabhair Bhreise a Fháil i Scoileanna Príomhshrutha

**Tá eolas ar fáil do thuismitheoirí maidir le cabhrú le daltaí aistriú ó rang 6 chuig an iar-bhunscoil.**

Is féidir tuilleadh eolais a fháil inár bhfoilseachán:

- Information Booklet for Parents of Children and Young People with Special Educational Needs

Tá naoi mbileog eolais foilsithe againn freisin ar réimsí ar leith de riachtanais speisialta oideachais chun míniú a thabhairt ar na bealaí a thacaíonn an córas oideachais le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tá na bileoga eolais ar fáil ón ERSO áitiúil nó ar shuíomh gréasáin CNOS faoi Information Booklets & Pamphlets for Parents.

# Sonraí teagmhála úsáideacha

| | |
|---|---|
| **Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSO) CNOS** | ncse.ie/seno-contact-information |
| **Ionad Sláinte** | www.hse.ie |
| **An Roinn Oideachais** | https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-education/ |
| **An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais** | https://www.gov.ie/en/service/5ef45c-neps/ |
| **An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí** | www.npc.ie |
| **Tusla** | www.tusla.ie |
| **Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta** (do leanaí dall/lagamhairc; nó bodhar/lagéisteachta) | ncse.ie/visiting-teacher-support |

Plain English
Approved by NALA